2025/2149

27.10.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/2149 ÓN gCOIMISIÚN

an 24 Deireadh Fómhair 2025

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1976 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí gliocóil mona-eitiléine de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá agus Ríocht na hAraibe Sádaí

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá allmhairí gliocóil mona-eitiléine de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá agus Ríocht na hAraibe Sádaí faoi réir dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha arna bhforchur le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1976 ón gCoimisiún ([2]).

(2) An 12 Nollaig 2024, chuir INEOS Americas LLC ('INEOS Americas') údaráis na Beilge ar an eolas go raibh gnó gliocóil mona-eitiléine, lena n-áirítear an tsaoráid táirgthe, Equistar Chemicals, LP (cód breise TARIC ([3]) C682) faighte aige ó bhí an 1 Bealtaine 2024 ann, agus, dá bhrí sin, gur cheart INEOS Americas a chur in ionad ainm Equistar Chemicals, LP i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1976. Tá an chuideachta faoi réir dleacht frithdhumpála 10,3 % atá ceaptha le haghaidh cuideachtaí comhoibríocha neamhshampláilte i Stáit Aontaithe Mheiriceá.

(3) D'iarr INEOS Americas a dheimhniú nach ndéanfadh an t-athrú ainm aon difear do cheart na cuideachta tairbhiú den ráta dleachta frithdhumpála ab infheidhme maidir léi faoin ainm a bhí uirthi roimhe sin.

(4) An 24 Nollaig 2024, chuir údaráis na Beilge an iarraidh ar aghaidh chuig an gCoimisiún.

(5) Sheol an Coimisiún ceistneoir chuig INEOS Americas, scrúdaigh sé an fhaisnéis a soláthraíodh, d'iarr sé soiléiriú breise agus ba é a chonclúid gur cláraíodh an t-athrú ar an ainm i gceart leis na húdaráis ábhartha an 1 Bealtaine 2024, agus nach raibh aon ghaol nua ann dá bharr le grúpaí eile táirgeoirí onnmhairiúcháin nach ndearna an Coimisiún imscrúdú orthu.

(6) Dá réir sin, ní dhéanann an t-athrú ainm sin difear do thorthaí Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1976 agus go háirithe don ráta dleachta frithdhumpála is infheidhme maidir leis an gcuideachta.

(7) Ba cheart éifeacht a bheith leis an athrú ainm ón 1 Bealtaine 2024, an dáta a tháinig an éadáil i bhfeidhm agus a cláraíodh leis na húdaráis ábhartha é.

(8) I bhfianaise a bhfuil sna haithrisí thuas, mheas an Coimisiún gurbh iomchuí Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1976 a leasú chun ainm nua na cuideachta a léiriú, ainm ar sannadh cód breise TARIC C682 dó roimhe seo.

(9) Chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara uile ar an eolas maidir leis na bunfhíorais agus na bunbhreithnithe ar ar a mbonn a raibh sé beartaithe aige an t-ainm Equistar Chemicals, LP a athrú go INEOS Americas ('an nochtadh deiridh'). Tugadh tréimhse do na páirtithe leasmhara uile ina raibh siad in ann a barúlacha a thabhairt maidir leis an nochtadh. Ní bhfuarthas aon bharúil.

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch.21,ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1036/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1976 ón gCoimisiún an 12 Samhain 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí gliocóil mona-eitiléine de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá agus Ríocht na hAraibe Sádaí (IO L 402, 15.11.2021, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/1976/oj).

([3]) Taraif Chomhtháite an Aontais Eorpaigh.

(10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste a bunaíodh le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Leasaítear mar a leanas an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1976:

‘Stáit Aontaithe Mheiriceá	Equistar Chemicals, LP	C682’

cuirtear an méid seo a leanas ina ionad sin:

‘Stáit Aontaithe Mheiriceá	INEOS Americas LLC	C682’

2. An cód breise TARIC C682 a sannadh roimhe seo do Equistar Chemicals, LP, beidh feidhm aige maidir le INEOS Americas LLC ón 1 Bealtaine 2024. Aon dleacht chinntitheach a íocadh ón 1 Bealtaine 2024 ar allmhairí táirgí arna monarú ag INEOS Americas LLC de bhreis ar an dleacht frithdhumpála a leagtar síos in Airteagal 1(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1976 a mhéid a bhaineann le Equistar Chemicals, LP, is dleacht í a dhéanfar a aisíoc nó a loghadh i gcomhréir leis an reachtaíocht chustaim is infheidhme.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Deireadh Fómhair 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN